2026/2348

26.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2348 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha meitileistear aigéid 2,5-déchlóraibeansóch, aicéacuinicil, aigéad aicéiteach, foisfíd alúmanaim, aimídeasulfúrón, búpróifisin, cairbíd chailciam, eimimeictin, eitiléin, aigéid shailleacha C7 go C20, feanocsapróp-P, floiniocaimíd (IKI-220), halasulfúrón-meitil, sulfáit iarainn, foisfíd mhaignéisiam, meitimíotrón, ola oráiste, cuinmeireac, tiasulfáit airgid sóidiam, sulcaitrí-ón, teambaitrí-ón, *Trichoderma asperellum* tréithchineálacha ICC012, T25 agus TV1, *Trichoderma atroviride* tréithchineál T-11, *Trichoderma gamsii* tréithchineál ICC080, *Trichoderma harzianum* tréithchineálacha T-22 agus ITEM 908, agus foisfíd since

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 17, an chéad mhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Na substaintí gníomhacha meitileistear aigéid 2,5-déchlóraibeansóch, aicéacuinicil, aigéad aicéiteach, foisfíd alúmanaim, aimídeasulfúrón, búpróifisin, cairbíd chailciam, eimimeictin, eitiléin, aigéid shailleacha C7 go C20, feanocsapróp-P, floiniocaimíd (IKI-220), halasulfúrón-meitil, sulfáit iarainn, foisfíd mhaignéisiam, meitimíotrón, ola oráiste, cuinmeireac, tiasulfáit airgid sóidiam, sulcaitrí-ón, teambaitrí-ón, *Trichoderma asperellum* tréithchineálacha ICC012, T25 agus TV1, *Trichoderma atroviride* tréithchineál T-11, *Trichoderma gamsii* tréithchineál ICC080, *Trichoderma harzianum* tréithchineálacha T-22 agus ITEM 908, agus foisfíd since, formheasadh iad mar shubstaintí gníomhacha lena n-úsáid i dtáirgí cosanta plandaí ar feadh tréimhse theoranta ama agus, de bhun Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, tá meastóireacht á déanamh faoi láthair ar na hiarratais ar athnuachan a bhformheasanna.

(2) Le Treoir 2008/40/CE ón gCoimisiún ([2]) cuimsíodh aimídeasulfúrón in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([3]) mar shubstaint ghníomhach go dtí an 31 Nollaig 2018 agus cuimsíodh é ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([4]). Cuireadh síneadh le formheas aimídeasulfúróin seacht n-uaire, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/787 ón gCoimisiún ([5]) go dtí an 30 Samhain 2026.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj.

([2]) Treoir 2008/40/CE ón gCoimisiún an 28 Márta 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun aimídeasulfúrón agus niceasulfúrón a chuimsiú mar shubstaintí gníomhacha (IO L 87, 29.3.2008, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/40/oj).

([3]) Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19/08/1991, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1991/414/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta de shubstaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/540/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/787 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2025 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha 1,4-démheitiolnaftailéin, aimídeasulfúrón, beantazón, bicsifein, clómasón, feanocsapróp-P, fluidhé-ocsainil, fluocsastróibin, flutolainil, flocsaipiorocsad, aigéad gibrilineach, gibriliní, halaicsifein-meitil meiceapróp-P, ola phairifín, peintiaipiorad, pirimeafos-meitil, própamacarb, próipiosaimíd, próitiaconasól, riomsulfúrón, seadacsán agus sulfocsaflór (IO L, 2025/787, 25.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/787/oj).

(3) Le Treoir 2008/66/CE ón gCoimisiún ([6]) cuimsíodh feanocsapróp-P in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaint ghníomhach go dtí an 31 Nollaig 2018 agus cuimsíodh é ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas feanocsapróp-P naoi n-uaire, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/787 go dtí an 30 Samhain 2026.

(4) Le Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún ([7]) cuimsíodh *Trichoderma asperellum* tréithchineálacha ICC012, T25 agus TV1, *Trichoderma atroviride* tréithchineál T-11, *Trichoderma gamsii* tréithchineál ICC080, agus *Trichoderma harzianum* tréithchineálacha T-22 agus ITEM 908 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaintí gníomhacha go dtí an 30 Aibreán 2019 agus cuimsíodh iad ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh sé huaire le formheaseanna na substaintí gníomhacha sin, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/99 ón gCoimisiún ([8]) go dtí an 30 Samhain 2026.

(5) Le Treoir 2008/125/CE ón gCoimisiún ([9]) cuimsíodh meitileistear aigéid 2,5-déchlóraibeansóch, foisfíd alúmanaim, foisfíd mhaignéisiam, meitimíotrón agus sulcaitrí-ón in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaintí gníomhacha go dtí an 31 Lúnasa 2019 agus cuimsíodh iad ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheasanna meitileistir aigéid 2,5-déchlóraibeansóch, foisfíde alúmanaim, foisfíde maignéisiam, meitimíotróin agus sulcaitrí-óin trí huaire, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1446 ón gCoimisiún ([10]) go dtí an 30 Samhain 2026.

(6) Le Treoir 2008/127/CE ón gCoimisiún ([11]) cuimsíodh aigéad aicéiteach, cairbíd chailciam, eitiléin, aigéid shailleacha C7 go C20 agus sulfáit iarainn in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaintí gníomhacha go dtí an 31 Lúnasa 2019 agus cuimsíodh iad ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheasanna aigéid aicéitigh, cairbíde cailciam agus eitiléine trí huaire, le formheas sulfáite iarainn cúig huaire agus le formheas aigéad sailleach C7 go C20 sé huaire, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1446 le haghaidh aigéad aicéiteach, cairbíd chailciam eitiléine agus sulfáit iarainn go dtí an 30 Samhain 2026, agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2221 ón gCoimisiún ([12]) le haghaidh aigéid shailleacha C7 go C20 go dtí an 1 Nollaig 2026.

([6]) Treoir 2008/66/CE ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun défheanocs, défhluifeineacan, feanocsapróp-P, feanpróipidín agus cuineoclaimín a chuimsiú mar shubstaintí gníomhacha (IO L 171, 1.7.2008, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/66/oj).

([7]) Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun roinnt miocrorgánach a áireamh mar shubstaintí gníomhacha (IO L 330, 9.12.2008, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/113/oj).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/99 ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2025 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha Aureobasidium pullulans (tréithchineálacha DSM 14940 agus DSM 14941), Bacillus amyloliquefaciens fospeiceas plantarum D747, beanalacsail-M, ciopróidínil, déchlórpróp-P, foirmeiteanáit, foiseitil, halasulfúrón-meitil, iomasamocs, milbimeictin, feinmeideafam, pirimeacarb, Pseudomonas sp. tréithchineál DSMZ 13134, pirimeiteanail, piriófeanón, piorocsulam, spíonasad, sulfar, Trichoderma harzianum Rifai tréithchineálacha T-22 agus ITEM 908, Trichoderma asperellum (ar a dtugtaí T. harzianum roimhe seo) tréithchineálacha ICC012, T-25 agus TV-1, Trichoderma atroviride (ar a dtugtaí T. harzianum roimhe seo) tréithchineál T11, Trichoderma gamsii (ar a dtugtaí T. viride roimhe seo) tréithchineál ICC080, tríthiaconasól agus sioram (IO L, 2025/99, 22.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/99/oj).

([9]) Treoir 2008/125/CE ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun foisfíd alúmanaim, foisfíd chailciam, foisfíd mhaignéisiam, ciamocsainil, dóideamorf, meitileistear aigéid 2,5-déchlóraibeansóch, meitimíotrón, sulcaitrí-ón, teabúconasól agus trí-aidhémheanól a chuimsiú mar shubstaintí gníomhacha (IO L 344, 20.12.2008, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/125/oj).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1446 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha meitileistear aigéid 2,5-déchlóraibeansóch, aigéad aicéiteach, sulfáit amóiniam alúmanaim, foisfíd alúmanaim, sileacáit alúmanaim, cairbíd chailciam, ciamocsainil, dódamorf, eitiléin, úsc as crann tae, iarmhair ó dhriogadh saille, aigéid shailleacha C7 go C20, floiniocaimíd (IKI-220), aigéad gibriline, gibriliní, halasulfúrón-meitil, próitéiní hidrealaithe, sulfáit iarainn, foisfíd mhaignéisiam, maltaideistrin, meitimíotrón, olaí planda/ola clóibh, olaí planda/ola ráibe, olaí planda/ola cartlainne garraí, comhdhúile pireatraim, sulcaitrí-ón, teabúconasól agus úiré (IO L 178, 13.7.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1446/oj).

([11]) Treoir 2008/127/CE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun roinnt substaintí gníomhacha a chuimsiú (IO L 344, 20.12.2008, lch. 89, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/127/oj.

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2221 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha aicéacuinicil, sileacáit alúmanaim, eimimeictin, aigéid shailleacha C7 go C20, peindémheatailin, olaí plandaí/ola ráibe agus tríchlóipir (IO L, 2024/2221, 9.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2221/oj).

(7) Le Treoir 2010/29/AE ón gCoimisiún ([13]) cuimsíodh floiniocaimíd (IKI-220) in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaint ghníomhach go dtí an 31 Lúnasa 2020 agus cuimsíodh í ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas floiniocaimíde (IKI-220) dhá uair, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1446 go dtí an 30 Samhain 2026.

(8) Le Treoir 2010/85/AE ón gCoimisiún ([14]) cuimsíodh foisfíd since in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaint ghníomhach go dtí an 30 Aibreán 2021 agus cuimsíodh í ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas foisfíde since trí huaire, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1206 ón gCoimisiún ([15]) go dtí an 31 Nollaig 2026.

(9) Le Treoir 2010/89/AE ón gCoimisiún ([16]) cuimsíodh cuinmeireac in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaint ghníomhach go dtí an 30 Aibreán 2021 agus cuimsíodh í ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas cuinmeireac trí huaire, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1206 go dtí an 31 Nollaig 2026.

(10) Le Treoir 2011/6/AE ón gCoimisiún ([17]) cuimsíodh búpróifisin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle mar shubstaint ghníomhach go dtí an 31 Eanáir 2021 agus cuimsíodh í ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas búpróifisin ceithre huaire, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1489 ón gCoimisiún ([18]) go dtí an 15 Nollaig 2026.

(11) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 356/2013 ón gCoimisiún ([19]) formheasadh an tsubstaint ghníomhach halasulfúrón-meitil go dtí an 30 Meán Fómhair 2023 agus cuimsíodh í i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas halasulfúrón-meitile dhá uair, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/99 go dtí an 15 Samhain 2026.

([13]) Treoir 2010/29/AE ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2010 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun floiniocaimíd (IKI-220) a chuimsiú mar shubstaint ghníomhach (IO L 106, 28.4.2010, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/29/oj).

([14]) Treoir 2010/85/AE ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2010 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun foisfíd since a chuimsiú mar shubstaint ghníomhach agus lena leasaítear Cinneadh 2008/941/CE, (IO L 317, 3.12.2010, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/85/oj).

([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1206 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha 1-deacánól, 6-beinsioladainín, sulfáit alúmanaim, asadaraictin, búipireamáit, déthianón, dóidín, fluaimeatúrón, heicsitiasocs, iosocsaibein, sulfar aoil, ola oráiste, prósulfúrón, cuinmeireac, sintifein, tiasulfáit airgid sóidiam, tó-fluvailionáit, teabúifeanóisíd, teambaitrí-ón agus foisfíd since (IO L, 2024/1206, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1206/oj).

([16]) Treoir 2010/89/AE ón gCoimisiún an 6 Samhain 2010 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun cuinmeireac a chuimsiú mar shubstaint ghníomhach agus lena leasaítear Cinneadh 2008/934/CE, (IO L 320, 7.12.2010, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/89/oj).

([17]) Treoir 2011/6/AE ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2011 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun búpróifisin a chuimsiú mar shubstaint ghníomhach (IO L 18, 21.1.2011, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/6/oj).

([18]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1489 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2025 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha aimeatochtraidin, Beauveria bassiana tréithchineálacha ATCC 74040 agus GHA, búpróifisin, clóidineafop, comhdhúile copair, ciafluimeitifein, daimínisíd, fluipiridhéfhúrón, víreas polaihéadróise núicléach Helicoverpa armigera, mandastróibin, mandaprópaimíd, meatam, pireaclóstróibin, rioscalúr, víreas polaihéadróise núicléach Spodoptera littoralis, Streptomyces lydicus tréithchineál WYEC 108, Trichoderma asperellum tréithchineál T34 agus Trichoderma atroviride tréithchineál I-1237 (IO L, 2025/1489, 25.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1489/oj).

([19]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 356/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach halasulfúrón-meitil, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 109, 19.4.2013, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/356/oj).

(12) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 828/2013 ón gCoimisiún ([20]) formheasadh an tsubstaint ghníomhach eimimeictin go dtí an 30 Aibreán 2024 agus cuimsíodh í i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas eimimeictine dhá uair, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2221 go dtí an 15 Samhain 2026.

(13) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1165/2013 ón gCoimisiún ([21]) formheasadh an tsubstaint ghníomhach ola oráiste go dtí an 30 Aibreán 2024 agus cuimsíodh é i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas ola oráiste dhá uair, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1206 go dtí an 31 Nollaig 2026.

(14) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1192/2013 ón gCoimisiún ([22]) formheasadh an tsubstaint ghníomhach teambaitrí-ón go dtí an 30 Aibreán 2024 agus cuimsíodh é i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas teambaitrí-óin dhá uair, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1206 go dtí an 31 Nollaig 2026.

(15) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1195/2013 ón gCoimisiún ([23]) formheasadh an tsubstaint ghníomhach teambaitrí-ón airgid sóidiam go dtí an 30 Aibreán 2024 agus cuimsíodh é i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas tiasulfáit airgid sóidiam dhá uair, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1206 go dtí an 31 Nollaig 2026.

(16) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 496/2014 ón gCoimisiún ([24]) formheasadh an tsubstaint ghníomhach aicéacuinicil go dtí an 30 Aibreán 2024 agus cuimsíodh é i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas aicéacuinicile dhá uair, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2221 go dtí an 15 Samhain 2026.

(17) Ós rud é gur dócha go rachaidh formheasanna na substaintí gníomhacha sin in éag sula ndéanfar cinntí maidir lena n-athnuachan mar chuid de na nósanna imeachta athnuachana atá ar siúl faoi láthair, d'fhiosraigh an Coimisiún leis na Ballstáit is rapóirtéirí lena mbaineann agus leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (an 'tÚdarás') na cúiseanna leis na moilleanna ar nósanna imeachta athnuachana na substaintí gníomhacha sin. D'iarr an Coimisiún freisin cathain a bhí coinne leis go gcuirfí bailchríoch ar na dréacht-tuarascálacha maidir le measúnú ar athnuachan ó na Ballstáit is rapóirtéirí nó ar chonclúidí an Údaráis.

(18) Leis an bhfaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear an fhaisnéis a sholáthair na Ballstáit is rapóirtéirí agus an tÚdarás, léirítear nach bhfuil neart ag na hiarratasóirí lena mbaineann ar na cúiseanna atá leis na moilleanna i ngach ceann de na nósanna imeachta athnuachana sin.

([20]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 828/2013 ón gCoimisiún an 29 Lúnasa 2013 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach eimimeictin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 232, 30.8.2013, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/828/oj).

([21]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1165/2013 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2013 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach ola oráiste, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 309, 19.11.2013, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/1165/oj).

([22]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1192/2013 ón gCoimisiún an 22 Samhain 2013 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach teambaitrí-ón i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 314, 23.11.2013, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/1192/oj).

([23]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 1195/2013 ón gCoimisiún an 22 Samhain 2013 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach tiasulfáit airgid sóidiam, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 315, 26.11.2013, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/1195/oj).

([24]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 496/2014 ón gCoimisiún an 14 Bealtaine 2014 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach aicéacuinicil, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 143, 15.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/496/oj).

(19) Dá bhrí sin, agus cineál sealadach agus eisceachtúil an tsásra chun síneadh a chur leis na formheasanna á chur san áireamh, ba cheart síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha sin ar feadh na tréimhse a mheastar a bheith riachtanach, i ngach cás sonrach agus ar bhonn na faisnéise atá ar fáil tráth a ghlacfar an Rialachán seo, chun bailchríoch a chur ar na nósanna imeachta ábhartha maidir leis na formheasanna a athnuachan. Ós rud é go bhfuil an measúnú cás ar chás ar an am is gá chun gach nós imeachta athnuachana a chur i gcrích bunaithe ar mheastacháin, ba cheart an leibhéal éiginnteachta sin a chur san áireamh.

(20) Cuireadh isteach na hiarratais ar fhormheas na substaintí gníomhacha meitileistear aigéid 2,5-déchlóraibeansóch, aigéad aicéiteach, foisfíd alúmanaim, aimídeasulfúrón, búpróifisin, cairbíd chailciam, eitiléin, aigéid shailleacha C7 go C20, feanocsapróp-P, floiniocaimíd (IKI-220), halasulfúrón-meitil, sulfáit iarainn, foisfíd mhaignéisiam, meitimíotrón, sulcaitrí-ón, *Trichoderma asperellum* tréithchineálacha ICC012, T25 agus TV1, *Trichoderma atroviride* tréithchineál T-11, *Trichoderma gamsii* tréithchineál ICC080, agus *Trichoderma harzianum* tréithchineálacha T-22 agus ITEM 908 agus tá meastóireacht á déanamh orthu i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ([25]).

(21) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí meitileistear aigéid 2,5-déchlóraibeansóch a athnuachan an 31 Lúnasa 2016 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 26 Deireadh Fómhair 2016 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 13 Feabhra 2024, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a reáchtáil comhairliúchán poiblí ina leith idir an 12 Meán Fómhair agus an 11 Samhain 2024. An 18 Meán Fómhair 2025 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach an 24 Deireadh Fómhair 2025 laistigh den sprioc-am a tugadh. An 30 Márta 2026, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil athbhreithnithe maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis. Measann an tÚdarás go gcuirfidh sé chun críche a chonclúid maidir le meitileistear aigéid 2,5-déchlóraibeansóch thart ar mhí Eanáir 2027, agus ós rud é go mbeidh am ag teastáil ón gCoimisiún chun na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin a ghlacadh, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 17 mí agus 15 lá, go dtí an 15 Bealtaine 2028.

(22) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí aigéad aicéiteach a athnuachan an 30 Lúnasa 2016 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 29 Meán Fómhair 2016 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 23 Aibreán 2024 chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a reáchtáil comhairliúchán poiblí ina leith idir an 23 Feabhra agus an 24 Aibreán 2026. Measann an tÚdarás go gcuirfidh sé chun críche a chonclúid maidir le haigéad aicéiteach faoi dheireadh mhí na Nollag 2027, agus ós rud é go mbeidh am ag teastáil ón gCoimisiún chun na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin a ghlacadh, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 23 mí agus 15 lá, go dtí an 15 Samhain 2028.

(23) Cuireadh isteach dhá iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí foisfíd alúmanaim a athnuachan an 30 Lúnasa 2016 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 6 Deireadh Fómhair 2016 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht na n-iarratas de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a n-iomláine agus a dtráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh siad inghlactha. Tá na hiarratais curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 14 Aibreán 2023, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis. Measann an tÚdarás go gcuirfidh sé an mheastóireacht i gcrích agus go gcuirfidh sé chun críche a chonclúid maidir le foisfíd alúmanaim faoi dheireadh mhí na Nollag 2027, agus ós rud é go mbeidh am ag teastáil ón gCoimisiún chun na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin a ghlacadh, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 26 mí, go dtí an 31 Eanáir 2029.

([25]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/844/oj).

(24) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí aimídeasulfúrón a athnuachan an 18 Nollaig 2015 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 20 Aibreán 2016 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 31 Deireadh Fómhair 2018, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a reáchtáil comhairliúchán poiblí ina leith idir an 5 Deireadh Fómhair agus an 5 Nollaig 2022. An 23 Bealtaine 2019 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach an 25 Meitheamh 2019 laistigh den sprioc-am a tugadh. An 16 Nollaig 2019 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa maidir le hairíonna suaiteora iontálaigh a leagtar amach i bpointí 3.6.5 agus 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2018/605 ón gCoimisiún ([26]), de bhun Airteagal 13(3a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach an 13 Meitheamh 2022 laistigh den sprioc-am a tugadh. An 24 Iúil 2024 ghlac an tÚdarás a chonclúid agus chuir sé in iúl don iarratasóir, do na Ballstáit agus don Choimisiún í. Chuir an Coimisiún tús le pléití maidir le formheas na substainte gníomhaí aimídeasulfúrón a athnuachan sa Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha ('an Buanchoiste') an 2 Deireadh Fómhair 2024. Pléadh an dréacht-tuarascáil athnuachana agus an dréachtrialachán cur chun feidhme cur chun feidhme den chéad uair sa Bhuanchoiste an 29 Meitheamh 2026. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun go dtabharfaidh an Buanchoiste sin a thuairim agus go nglacfaidh an Coimisiún na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 9 mí, go dtí an 31 Lúnasa 2027.

(25) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí búpróifisin a athnuachan an 29 Eanáir 2019 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 11 Feabhra 2020 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 28 Aibreán 2022 chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a reáchtáil comhairliúchán poiblí ina leith idir an 9 Meitheamh agus an 8 Lúnasa 2022. An 28 Deireadh Fómhair 2022 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach an 30 Samhain 2022 laistigh den sprioc-am a tugadh. An 24 Iúil 2023 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa maidir le hairíonna suaiteora iontálaigh a leagtar amach i bpointí 3.6.5 agus 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2018/605, de bhun Airteagal 13(3a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach an 10 Deireadh Fómhair 2023 laistigh den sprioc-am a tugadh. An 1 Aibreán 2025 ghlac an tÚdarás a chonclúid cothrom le dáta agus chuir sé in iúl don iarratasóir, do na Ballstáit agus don Choimisiún í. Chuir an Coimisiún tús le réamhphlé maidir le formheas na substainte gníomhaí búpróifisin a athnuachan sa Bhuanchoiste an 14 Bealtaine 2025. Pléadh an dréacht-tuarascáil athnuachana agus an dréachtrialachán cur chun feidhme den chéad uair sa Bhuanchoiste an 10 Nollaig 2025. Vótáil an Buanchoiste i bhfabhar an togra ón gCoimisiún maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas búpróifisine an 25 Meán Fómhair 2026. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun go nglacfaidh an Coimisiún na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 3 mhí, go dtí an 15 Márta 2027.

(26) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí cairbíd chailciam a athnuachan an 30 Lúnasa 2016 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 30 Meán Fómhair 2016 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 11 Eanáir 2024, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a reáchtáil comhairliúchán poiblí ina leith idir an 23 Meán Fómhair agus an 22 Samhain 2024. An 23 Aibreán 2025 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe athnuachana de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus d'fhreagair an t-iarratasóir an 26 Bealtaine 2025 nach bhfuil sé in ann sonraí

([26]) Rialachán (AE) 2018/605 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2018 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 trí chritéir eolaíocha a leagan amach maidir le hairíonna réabtha iontálaigh a chinneadh (IO L 101, 20.4.2018, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/605/oj).

breise a sholáthar agus d'iarr sé go mbeadh an chonclúid bunaithe ar na sonraí atá ar fáil cheana féin. Measann an tÚdarás go gcuirfidh sé chun críche a chonclúid maidir le cairbíd chailciam faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2026, agus ós rud é go mbeidh am ag teastáil ón gCoimisiún chun na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin a ghlacadh, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 14 mhí, go dtí an 31 Eanáir 2028.

(27) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí eitiléin a athnuachan an 23 Lúnasa 2016 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 14 Deireadh Fómhair 2016 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. Níl bailchríoch curtha ag an mBallstát is rapóirtéir ar na measúnuithe riosca de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus measann sé go mbeidh sé in ann an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan a chur faoi bhráid an Údaráis faoi dheireadh mhí na Nollag 2026. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 30 mí, go dtí an 31 Bealtaine 2029.

(28) Tá trí shubstaint ghníomhacha aonair san iontráil 'aigéid shailleacha C7 go C20': aigéid shailleacha C7-C18 agus salainn photaisiam neamhsháithithe C18, aigéad caprach agus aigéad capraileach. An 18 agus an 31 Lúnasa 2016 cuireadh isteach dhá iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí aigéid shailleacha C7-C18 agus salainn photaisiam neamhsháithithe C18 a athnuachan, faoi seach, an 31 Lúnasa 2016 cuireadh isteach iarratas amháin ar fhormheas na substainte gníomhaí aigéad caprach a athnuachan agus an 31 Lúnasa 2016 cuireadh isteach iarratas amháin ar fhormheas na substainte gníomhaí aigéad capraileach a athnuachan. Chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 10 Deireadh Fómhair 2016 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht na n-iarratas de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a n-iomláine agus a dtráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh siad inghlactha. Tá na hiarratais curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. Chuir an Ballstát is rapóirtéir na dréacht-tuarascálacha maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis an 14 Iúil 2021 le haghaidh aigéid shailleacha C7-C18 agus salainn photaisiam neamhsháithithe C18 agus an 27 Aibreán 2021 le haghaidh aigéad caprach agus aigéad capraileach araon. Rinne an tÚdarás comhairliúcháin phoiblí maidir le tuarascálacha le haghaidh aigéid shailleacha C7-C18 agus salainn photaisiam neamhsháithithe C18 idir an 31 Márta agus an 30 Bealtaine 2023 agus le haghaidh aigéad caprach agus aigéad capraileach idir an 16 Márta agus an 15 Bealtaine 2023. An 26 Deireadh Fómhair 2023 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise maidir le gach ceann de na trí shubstaint ghníomhacha chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir na hiarratasóirí an fhaisnéis sin isteach an 24 agus an 27 Samhain 2023, faoi seach, i gcás aigéid shailleacha C7-C18 agus salainn photaisiam neamhsháithithe C18 agus an 27 Samhain 2023 i gcás aigéad caprach agus aigéad capraileach araon laistigh den sprioc-am a tugadh. An 30 Meitheamh 2023, chuir an Ballstát is rapóirtéir na dréacht-tuarascálacha maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis. Measann an tÚdarás go mbeidh sé in ann gach ceann de na trí chonclúid a chur i gcrích i gcás aigéid shailleacha C7 go C20 faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2026, agus ós rud é go mbeidh am ag teastáil ón gCoimisiún chun na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin a ghlacadh, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 14 mhí, go dtí an 31 Eanáir 2028.

(29) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí feanocsapróp-P a athnuachan an 15 Nollaig 2015 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 3 Feabhra 2016 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe ar a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 16 Márta 2018 chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a reáchtáil comhairliúchán poiblí ina leith idir an 22 Lúnasa agus an 21 Samhain 2022. An 7 Nollaig 2018 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach an 7 Eanáir 2019 laistigh den sprioc-am a tugadh. An 12 Iúil 2019 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa maidir le hairíonna suaiteora iontálaigh a leagtar amach i bpointí 3.6.5 agus 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2018/605, de bhun Airteagal 13(3a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach an 11 Eanáir 2022 laistigh den sprioc-am a tugadh. An 30 Meán Fómhair 2024 ghlac an tÚdarás a chonclúid agus chuir sé in iúl don iarratasóir, do na Ballstáit agus don Choimisiún í. An 4 Nollaig 2024 chuir an Coimisiún tús le réamhphlé maidir le formheas na substainte gníomhaí feanocsapróp-P a athnuachan sa Bhuanchoiste. Pléadh an dréacht-tuarascáil athnuachana cur chun feidhme den chéad uair sa Bhuanchoiste an 24 Meán Fómhair 2026. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun go dtabharfaidh an Buanchoiste sin a thuairim agus go nglacfaidh an Coimisiún na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 9 mí, go dtí an 31 Lúnasa 2027.

(30) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí floiniocaimíd (IKI-220) a athnuachan an 29 Lúnasa 2017 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 7 Samhain 2017 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 5 Nollaig 2023 chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a reáchtáil comhairliúchán poiblí ina leith idir an 10 Meitheamh agus an 9 Lúnasa 2024. An 16 Eanáir 2025 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach an 14 Feabhra 2025 laistigh den sprioc-am a tugadh. An 9 Márta 2026 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise, de bhun Airteagal 13(3a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa maidir le hairíonna suaiteora iontálaigh a leagtar amach i bpointí 3.6.5 agus 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2018/605, atá le cur isteach ag an iarratasóir faoin 9 Nollaig 2027 agus níl an fhaisnéis sin curtha isteach fós. Measann an Ballstát is rapóirtéir go mbeidh sé in ann an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan a chur faoi bhráid an Údaráis faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2029. Measann an tÚdarás go gcuirfidh sé chun críche a chonclúid maidir le floiniocaimíd (IKI-220) faoi dheireadh mhí an Mhárta 2029, agus ós rud é go mbeidh am ag teastáil ón gCoimisiún chun na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin a ghlacadh, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 34 mí agus 15 lá, go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2029.

(31) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí halasulfúrón-meitil a athnuachan an 28 Meán Fómhair 2020 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 10 Nollaig 2020 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe ar a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 8 Márta 2023, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a reáchtáil comhairliúchán poiblí ina leith idir an 14 Iúil agus an 12 Meán Fómhair 2023. An 20 Samhain 2023 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach an 5 Eanáir 2024 laistigh den sprioc-am a tugadh. An 23 Bealtaine 2025 ghlac an tÚdarás a chonclúid agus chuir sé in iúl don iarratasóir, do na Ballstáit agus don Choimisiún í. An 9 Iúil 2025 chuir an Coimisiún tús le réamhphlé maidir le formheas na substainte gníomhaí halasulfúrón-meitil a athnuachan sa Bhuanchoiste. Pléadh an dréacht-tuarascáil athnuachana cur chun feidhme den chéad uair sa Bhuanchoiste an 24 Meán Fómhair 2026. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun go dtabharfaidh an Buanchoiste sin a thuairim agus go nglacfaidh an Coimisiún na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 9 mí, go dtí an 15 Lúnasa 2027.

(32) An 24 Lúnasa 2016 cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí sulfáit fheiriúil a athnuachan agus an 6 Meán Fómhair 2016 chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. Níl bailchríoch curtha ag an mBallstát is rapóirtéir ar na measúnuithe riosca de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus measann sé go mbeidh sé in ann an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan a chur faoi bhráid an Údaráis faoi dheireadh mhí na Nollag 2027. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 42 mhí, go dtí an 31 Bealtaine 2030.

(33) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí foisfíd mhaignéisiam a athnuachan an 30 Lúnasa 2016 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 6 Deireadh Fómhair 2016 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 14 Aibreán 2023, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis. Measann an tÚdarás go gcuirfidh sé an mheastóireacht i gcrích agus go gcuirfidh sé chun críche a chonclúid maidir le foisfíd mhaignéisiam faoi dheireadh mhí na Nollag 2027, agus ós rud é go mbeidh am ag teastáil ón gCoimisiún chun na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin a ghlacadh, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 26 mhí, go dtí an 31 Eanáir 2029.

(34) Cuireadh isteach trí iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí meitimíotrón a athnuachan an 24, an 25 agus an 29 Lúnasa 2016, faoi seach, agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 27 Meán Fómhair agus an 10 agus 11 Deireadh Fómhair 2016, faoi seach, go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht na n-iarratas de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a n-iomláine agus a dtráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh siad inghlactha. Tá na hiarratais curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. Níl bailchríoch curtha ag an mBallstát is rapóirtéir ar na measúnuithe riosca de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus measann sé go mbeidh sé in ann an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan a chur faoi bhráid an Údaráis faoi dheireadh mhí Feabhra 2027. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 32 mhí, go dtí an 31 Iúil 2029.

(35) Cuireadh isteach dhá iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí sulcaitrí-ón a athnuachan an 27 Iúil agus an 29 Lúnasa 2016, faoi seach, agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 25 Deireadh Fómhair 2016 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht na n-iarratas de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a n-iomláine agus a dtráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh siad inghlactha. Tá na hiarratais curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 24 Lúnasa 2022 chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a reáchtáil comhairliúchán poiblí ina leith idir an 19 Feabhra agus an 19 Aibreán 2024. An 5 Feabhra 2025 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach an 5 Márta 2025 laistigh den sprioc-am a tugadh. Measann an tÚdarás go gcuirfidh sé chun críche a chonclúid maidir le sulcaitrí-ón faoi dheireadh mhí Aibreáin 2027, agus ós rud é go mbeidh am ag teastáil ón gCoimisiún chun na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin a ghlacadh, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 20 mí agus 15 lá, go dtí an 15 Lúnasa 2028.

(36) Cuireadh isteach na hiarratais ar fhormheaseanna na substainte gníomhaí *Trichoderma asperellum* tréithchineálacha ICC012, T25 agus TV1 a athnuachan an 27, an 28 agus an 29 Aibreán 2016, faoi seach, agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 27 Bealtaine 2016 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht na n-iarratas de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a n-iomláine agus a dtráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh siad inghlactha. Tá na hiarratais curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 31 Márta 2021, chuir an Ballstát is rapóirtéir na dréacht-tuarascálacha maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a rinne comhairliúchán poiblí ina leith idir an 10 Meitheamh agus an 9 Lúnasa 2021 maidir le tréithchineál ICC012, idir an 15 Meitheamh agus an 14 Lúnasa 2021 maidir le tréithchineál T25, agus idir an 22 Meitheamh agus an 21 Lúnasa 2021 maidir le tréithchineál TV1. An 13 Meitheamh 2022 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir na hiarratasóirí an fhaisnéis sin maidir le *Trichoderma asperellum* tréithchineálacha ICC012, T25 agus TV1 isteach an 12, an 13 agus an 12 Iúil 2022, faoi seach, laistigh den sprioc-am a tugadh. Measann an tÚdarás go mbeidh sé in ann a chonclúidí a chur i gcrích i gcás *Trichoderma asperellum* tréithchineálacha ICC012, T25 agus TV1 faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2026, agus ós rud é go mbeidh am ag teastáil ón gCoimisiún chun na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin a ghlacadh, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 14 mhí, go dtí an 31 Eanáir 2028.

(37) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí *Trichoderma atroviride* tréithchineál T-11 a athnuachan an 29 Aibreán 2016 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 27 Bealtaine 2016 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 31 Márta 2021 chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a reáchtáil comhairliúchán poiblí ina leith idir an 11 Lúnasa agus an 10 Deireadh Fómhair 2021. An 13 Meitheamh 2022 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach an 13 Iúil 2022 laistigh den sprioc-am a tugadh. Measann an tÚdarás go gcuirfidh sé chun críche a chonclúid maidir le *Trichoderma atroviride* tréithchineál T-11 faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2026, agus ós rud é go mbeidh am ag teastáil ón gCoimisiún chun na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin a ghlacadh, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 14 mhí, go dtí an 31 Eanáir 2028.

(38) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí *Trichoderma gamsii* shaintréitheach ICC080 a athnuachan an 28 Aibreán 2016 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 27 Bealtaine 2016 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 31 Márta 2021 chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a reáchtáil comhairliúchán poiblí ina leith idir an 6 Lúnasa agus an 5 Deireadh Fómhair 2021. An 13 Meitheamh 2022 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach an 12 Iúil 2022 laistigh den sprioc-am a tugadh. Measann an tÚdarás go gcuirfidh sé chun críche a chonclúid maidir le *Trichoderma gamsii* tréithchineál ICC080 faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2026, agus ós rud é go mbeidh am ag teastáil ón gCoimisiún chun na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin a ghlacadh, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 14 mhí, go dtí an 31 Eanáir 2028.

(39) Cuireadh isteach na hiarratais ar fhormheaseanna na substainte gníomhaí *Trichoderma harzianum* tréithchineálacha T-22, agus ITEM 908 a athnuachan an 29 agus an 28 Aibreán 2016, faoi seach, agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 27 Bealtaine 2016 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht na n-iarratas de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a n-iomláine agus a dtráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh siad inghlactha. Tá na hiarratais curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 31 Márta 2021, chuir an Ballstát is rapóirtéir na dréacht-tuarascálacha maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a rinne comhairliúchán poiblí ina leith idir an 20 Iúil agus an 19 Meán Fómhair 2021 maidir le tréithchineál T-22, agus idir an 13 Iúil agus an 11 Meán Fómhair 2021 maidir le tréithchineál ITEM 908. An 13 Meitheamh 2022 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach an 11 Iúil 2022 laistigh den sprioc-am a tugadh. An 3 Meán Fómhair 2026 ghlac an tÚdarás a chonclúid maidir le *Trichoderma harzianum* tréithchineál T-22 agus chuir sé in iúl don iarratasóir, do na Ballstáit agus don Choimisiún í. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun go dtabharfaidh an Buanchoiste sin a thuairim agus go nglacfaidh an Coimisiún na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 14 mhí, go dtí an 31 Eanáir 2028.

(40) I gcás na substaintí gníomhacha meitileistear aigéid 2,5-déchlóraibeansóch, aigéad aicéiteach, foisfíd alúmanaim, eitiléin, sulfáit iarainn, foisfíd mhaignéisiam, meataimíotrón agus sulcaitrí-ón, féadfaidh an tÚdarás, i gcomhairle leis na Ballstáit, faisnéis bhreise a iarraidh fós ar na hiarratasóirí de bhun Airteagal 13(3a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, má mheasann sé gur gá sin chun measúnú a dhéanamh ar airíonna suaiteora inchrínigh na substaintí gníomhacha sin. Ní chuimsítear sna tréimhsí sínidh atá beartaithe le haghaidh na substaintí gníomhacha sin aon am breise a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun an fhaisnéis sin a sholáthar agus chun meastóireacht a dhéanamh uirthi.

(41) Cuireadh isteach iarratais ar fhormheas na substaintí gníomhacha aicéacuinicil, eimimeictin, ola oráiste, cuinmeireac, tiasulfáit airgid sóidiam, teambaitrí-ón agus foisfíd since a athnuachan faoi seach agus tá meastóireacht á déanamh orthu i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún ([27]).

(42) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí aicéacuinicil a athnuachan an 27 Bealtaine 2022 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 5 Bealtaine 2023 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/1740, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás, agus reáchtáil sé comhairliúchán poiblí ina leith idir an 8 Eanáir agus an 8 Márta 2024, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740. An 19 Feabhra 2026, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis. Measann an tÚdarás go gcuirfidh sé chun críche a chonclúid maidir le haicéacuinicil faoi dheireadh mhí na Nollag 2027, agus ós rud é go mbeidh am ag teastáil ón gCoimisiún chun na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin a ghlacadh, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 26 mhí, go dtí an 15 Eanáir 2029.

([27]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2020 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún (IO L 392, 23.11.2020, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1740/oj).

(43) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí eimimeictin a athnuachan an 26 Samhain 2021 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 9 Meán Fómhair 2022 go raibh measúnú déanta aige ar an inghlacthacht de bhun Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás, agus reáchtáil sé comhairliúchán poiblí ina leith idir an 24 Samhain 2023 agus an 22 Eanáir 2024, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740. Níl bailchríoch curtha ag an mBallstát is rapóirtéir ar na measúnuithe riosca de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 agus measann sé go mbeidh sé in ann an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus an Údaráis i mí na Nollag 2026. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 30 mí, go dtí an 15 Bealtaine 2029.

(44) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí ola oráiste a athnuachan an 22 Iúil 2021 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 8 Iúil 2022 go raibh measúnú déanta aige ar an inghlacthacht de bhun Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás, agus reáchtáil sé comhairliúchán poiblí ina leith idir an 18 Aibreán agus an 17 Meitheamh 2024, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740. Níl bailchríoch curtha ag an mBallstát is rapóirtéir ar na measúnuithe riosca de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 agus measann sé go mbeidh sé in ann an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus an Údaráis i mí an Mheithimh 2027. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 35 mhí, go dtí an 30 Samhain 2029.

(45) Cuireadh isteach dhá iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí cuinmeireac a athnuachan ar dtús an 23 agus an 25 Aibreán 2018 i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, faoi seach, agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 7 Bealtaine 2018 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht na n-iarratas de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a n-iomláine agus a dtráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh siad inghlactha. An 27 Márta 2021, tháinig Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 i bhfeidhm maidir le cuinmeireac. Cuireadh isteach iarratas nua ar athnuachan an fhormheasa i gcomhréir leis an Rialachán sin an 27 Iúil 2021 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir in iúl don Bhallstát is comhrapóirtéir, don Choimisiún agus don Údarás an 5 Deireadh Fómhair 2023 go raibh measúnú déanta aige ar an inghlacthacht de bhun Airteagal 8 den Rialachán sin, agus go háirithe ar a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás, agus reáchtáil sé comhairliúchán poiblí ina leith idir an 19 Feabhra agus an 19 Aibreán 2024, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740. Níl bailchríoch curtha ag an mBallstát is rapóirtéir ar na measúnuithe riosca de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 agus measann sé go mbeidh sé in ann an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus an Údaráis i mí na Nollag 2026. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 29 mí, go dtí an 31 Bealtaine 2029.

(46) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí tiasulfáit airgid sóidiam a athnuachan an 30 Iúil 2021 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 29 Aibreán 2025 go raibh measúnú déanta aige ar an inghlacthacht de bhun Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás, agus reáchtáil sé comhairliúchán poiblí ina leith idir an 9 Meán Fómhair agus an 8 Samhain 2025, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740. Níl bailchríoch curtha ag an mBallstát is rapóirtéir ar na measúnuithe riosca de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 agus measann sé go mbeidh sé in ann an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus an Údaráis i mí an Mheithimh 2027. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 35 mhí, go dtí an 30 Samhain 2029.

(47) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí teambaitrí-ón a athnuachan an 26 Iúil 2021 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 22 Aibreán 2026 go raibh measúnú déanta aige ar an inghlacthacht de bhun Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Níl bailchríoch curtha ag an mBallstát is rapóirtéir ar na measúnuithe riosca de bhun Airteagal 11 de

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 agus measann sé go mbeidh sé in ann an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus an Údaráis i mí Dheireadh Fómhair 2026. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 29 mí, go dtí an 31 Bealtaine 2029.

(48) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí foisfíd since a athnuachan ar dtús an 25 Aibreán 2018 i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 18 Bealtaine 2018 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe ar a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. An 27 Márta 2021, tháinig Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 i bhfeidhm maidir le foisfíd since. Cuireadh iarratas nua isteach an 28 Iúil 2021 chun an formheas a athnuachan i gcomhréir leis an Rialachán sin agus níl measúnú déanta fós ag an mBallstát is rapóirtéir ar an inghlacthacht de bhun Airteagal 8 den Rialachán sin. Níl bailchríoch curtha ag an mBallstát is rapóirtéir ar na measúnuithe riosca de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 agus measann sé go mbeidh sé in ann an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus an Údaráis i mí na Nollag 2027. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 41 mhí, go dtí an 31 Bealtaine 2030.

(49) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir sin.

(50) Chun a áirithiú go gcuirfear síneadh le formheasanna na substaintí gníomhacha lena mbaineann sula rachaidh siad in éag, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

(51) Má ghlacann an Coimisiún Rialachán lena bhforáiltear nach ndéantar formheas substainte gníomhaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a athnuachan, is é an dáta ba cheart don Choimisiún a shocrú mar dháta éaga le haghaidh fhormheas na substainte gníomhaí sin dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo nó an dáta mar a bhí roimh ghlacadh an Rialacháin seo, cibé dáta acu sin is déanaí. Má ghlacann an Coimisiún Rialachán lena bhforáiltear maidir le hathnuachan a dhéanamh ar fhormheas substainte gníomhaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, is é an dáta ba cheart don Choimisiún a shocrú, de réir mar is iomchuí sna himthosca, an dáta cur i bhfeidhm ba luaithe a b'fhéidir.

(52) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

1. Leasaítear Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

   (1) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 169, Aimídeasulfúrón, cuirtear '31 Lúnasa 2027' in ionad an dáta atá ann;

   (2) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 182, Feanocsapróp-P, cuirtear '31 Lúnasa 2027' in ionad an dáta atá ann;

   (3) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 204, *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál T-11, cuirtear '31 Eanáir 2028' in ionad an dáta atá ann;

   (4) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 206, *Trichoderma harzianum Rifai* tréithchineálacha T-22 agus ITEM 908, cuirtear '31 Eanáir 2028' in ionad an dáta atá ann;

   (5) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 207, *Trichoderma asperellum* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineálacha ICC012, T25 agus TV1, cuirtear '31 Eanáir 2028' in ionad an dáta atá ann;

   (6) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 208, *Trichoderma gamsii* (ar a dtugtaí *T. viride* roimhe seo) tréithchineál ICC080, cuirtear '31 Eanáir 2028' in ionad an dáta atá ann;

   (7) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 218, Aigéad aicéiteach, cuirtear '15 Samhain 2028' in ionad an dáta atá ann;

   (8) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 223, Cairbíd chailciam, cuirtear '31 Eanáir 2028' in ionad an dáta atá ann;

   (9) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 227, Eitiléin, cuirtear '31 Bealtaine 2029' in ionad an dáta atá ann;

   (10) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 230, Aigéid shailleacha C7 go C20, cuirtear '31 Eanáir 2028' in ionad an dáta atá ann;

   (11) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 235, Sulfáit iarainn, cuirtear '31 Bealtaine 2030' in ionad an dáta atá ann;

   (12) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 260, Foisfíd alúmanaim, cuirtear '31 Eanáir 2029' in ionad an dáta atá ann;

   (13) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 262, Foisfíd mhaignéisiam, cuirtear '31 Eanáir 2029' in ionad an dáta atá ann;

   (14) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 265, meitileistear aigéid 2,5-déchlóraibeansóch, cuirtear '15 Bealtaine 2028' in ionad an dáta atá ann;

   (15) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 266, Meitimíotrón, cuirtear '31 Iúil 2029' in ionad an dáta;

   (16) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 267, Sulcaitrí-ón, cuirtear '15 Lúnasa 2028' in ionad an dáta atá ann;

   (17) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 305, Floiniocaimíd (IKI-220), cuirtear '15 Deireadh Fómhair 2029' in ionad an dáta atá ann;

   (18) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 311, Cuinmeireac, cuirtear '31 Bealtaine 2029' in ionad an dáta atá ann;

   (19) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 314, Foisfíd since, cuirtear '31 Bealtaine 2030' in ionad an dáta atá ann;

   (20) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 320, Búpróifisin, cuirtear '15 Márta 2027' in ionad an dáta atá ann.

2. Leasaítear Cuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

   (1) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 35, Halasulfúrón-meitil, cuirtear '15 Lúnasa 2027' in ionad an dáta atá ann;

   (2) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 49, Eimimeictin, cuirtear 'an 15 Bealtaine 2029' in ionad an dáta atá ann;

   (3) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 56, Ola oráiste, cuirtear '30 Samhain 2029' in ionad an dáta atá ann;

(4) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 59, Teambaitrí-ón, cuirtear ‘an 31 Bealtaine 2029’ in ionad an dáta atá ann;

(5) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 63, Tiasulfáit airgid sóidiam, cuirtear ‘30 Samhain 2029’ in ionad an dáta atá ann;

(6) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 72, Aicéacuinicil, cuirtear ‘15 Eanáir 2029’ in ionad an dáta atá ann.